

Nóta Treorach maidir le cóid uathúla nó sraithuimhreacha a úsáid

Leis an nóta seo féachtar le treoir a thabhairt do Theagmhálaithe Ainmnithe agus do Bhoird Bhainistíochta maidir le cóid uathúil nó sraithuimhreacha uathúla a úsáid do chomhaid cosaint leanaí agus do pháirtithe dá dtagraítear sna comhaid. Ba chóir an nóta treorach seo a léamh in éineacht leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017* (dá dtagrófar mar “na nósanna imeachta” ina dhiaidh seo)

- Chun gur féidir taifid agus bearta ábhartha a thairfeadh agus a rianú go héifeachtach éilítear sna nósanna imeachta go sannann an Teagmhálaí Ainmnithe cóid nó sraithuimhir uathúil do na cáschomhaid cosaint leanaí uile agus do pháirtithe ar bith dá dtagraítear sna comhaid seo. Sa chomhthéacs seo is ea is brí le “páirtithe” ná páirtí ar bith (lena n-áirítear an leanbh) a bhféadfadh a chéannacht, má nochtar í, cabhrú chun leanbh nó duine a aithint a bhfuil líomhain déanta ina choinne.
- Sa nóta seo baintear úsáid as “cóid” chun tagairt do chód nó do sraithuimhir uathúil.
- Dá thoradh sin is féidir leis an bPríomhoide tagairt do chás/páirtí trí thagairt a dhéanamh don gcód ag cruinnithe an Bhoird Bhainistíochta nuair a bhíonn gá le rúndacht. Caithfear na cóid a úsáid chun cás cosaint leanaí ar bith a thairfeadh nó le haghaidh na bpairtithe lena mbaineann, i miontuairiscí cruinniú an Bhoird Bhainistíochta. Ansin beidh ar chumas na Cigireachta an cás a rianú tríd na miontuairiscí agus na comhaid/taifid ábhartha a iarraidh agus a athbhreithniú más gá.
- Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gá cóid a shannadh do gach duine atá ainmnithe nó dá ndéantar tagairt i gcomhad nó i dtairfead. Chun é a thástáil faigh amach cé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí an leanbh/na leanaí nó an duine a ndéantar líomhain ina choinne a aithint dá mbeadh eolas ar chéannacht an duine nó dá nochtfaí í i gcúinsí ar leith an cháis.
- Ba chóir nach gcuirfeadh na cóid a shanntar ar chumas duine na páirtithe a aithint. Ina thaobh seo ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:
 - Níor chóir don Teagmhálaí Ainmnithe an uimhir POD nó P-POD a úsáid nuair a shannann sé/sí cóid nó uimhir do leanaí os rud é go bhféadfadh an uimhir seo a thabhairt le fios cé hé/hí an leanbh faoi chaibidil.
 - Níor chóir litreacha tosaigh ainm an linbh nó páirtithe eile a bhaineann leis an gcás a úsáid.
- I nósanna imeachta na bliana 2017 ní shonraítear go gcaithfear modh nó córas ar leith a úsáid chun cóid a shannadh. Má chomhlíontar na riachtanais thuas is féidir le scoileanna córais atá ann cheana féin a úsáid nó a gcuid cóid féin a fhorbairt agus a úsáid.
- De mhalairt air seo is féidir le scoileanna úsáid a bhaint as an sampla thíos de chóras oiriúnach chun cóid a shannadh.
- Cinnteoidh an Teagmhálaí Ainmnithe go bhfuil eolas a dhóthain ag an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe ar an gcóras comhdaithe agus códaithe atá ann chun gur féidir leis/léi rochtain a dhéanamh ar na taifid agus an tairfeadh a dhéanamh agus dualgais eile an Teagmhálaí Ainmnithe a chomhlíonadh más gá, m. sh. nuair a bhíonn an Teagmhálaí Ainmnithe as láthair.

Sampla córas códaithe

- Baintear úsáid as córas uimhriúil dar tús ‘0001’ chun uimhir uathúil a shannadh do gach comhad cosaint leanaí. Tugtar an uimhir ‘0001’ don chéad chomhad a dhéantar agus uimhrítear comhaid a dhéantar ina dhiaidh sin mar seo ‘0002’, ‘0003’ agus mar sin de. Stóráiltear comhaid sa chaibinéad comhad sábháilte/limistéar stórála san ord uimhriúil seo.
- Má dhéantar comhad sanntar cóid don leanbh/do na leanaí lena mbaineann agus do pháirtithe eile mar seo a leanas:
 - Sanntar cóid do gach leanbh mar seo a leanas - ‘Leanbh A’, ‘Leanbh B’ agus mar sin de.
 - Sanntar cóid mar seo a leanas do gach páirtí duine fásta sa chomhad - ‘Duine fásta A’, ‘Duine fásta B’ agus mar sin de.
- Cuirtear liosta de na cóid go léir a úsáidtear sa chomhad agus a nascann gach cóid go soiléir leis an leanbh nó leis an bpáirtí a bhfuil sé sannta dó ar an gcáschomhad. Ar mhaithe le rochtain éasca moltar an liosta seo a chur ar an taobh istigh de chlúdach an cháschomhaid. Ba chóir an liosta seo a thabhairt cothrom le dáta mar is gá de réir mar a chuirtear taifid bhreise a thagraíonn do pháirtithe nua ar bith ar an gcomhad.
 - Beidh dealramh mar seo ar an liosta ar an gcomhad:

Liosta cóid i gcáschomhad 0001

Sannadh na cóid seo a leanas do leanbh/leanaí/páirtithe sa chomhad seo -

Is ionann ‘Leanbh A’ agus Áine Nic Ádhaimh

Is ionann ‘Duine fásta A’ agus an tUas. Ádhamh Mac Ádhaimh

Is ionann ‘Duine fásta B’ agus Audrey Bn. Mhic Ádhaimh

- Baineann an Príomhoide úsáid as na cóid seo má bhíonn gá le rúndacht nuair a thagraítear do chás ag cruinniú an Bhoird Bhainistíochta. **Úsáidtear na cóid i gcónaí nuair a thaifeadtar tagairtí ar bith do chás nó do pháirtí i miontuairiscí cruinniú an Bhoird Bhainistíochta.** Mar shampla, is féidir leis na miontuairiscí tagairt a dhéanamh do ‘Cáschomhad 0001’ agus/nó ‘Leanbh A (cáschomhad 0001)’ nó ‘Duine fásta B (cáschomhad 0001)’ srl. de réir mar is cuí.
- Ní mór don Teagmhálaí Ainmnithe máistirliosta/innéacs foriomlán de na cáschomhaid ar fad a dhéanamh agus a chothabháil, leis. Nascann an máistirliosta/innéacs seo gach uimhir cháschomhaid ar leith leis an leanbh a ndearnadh an comhad ina leith.
- Ní mór don Teagmhálaí Ainmnithe an máistirliosta/innéacs foriomlán a stóráil in áit shábháilte freisin.

- Seo a leanas tugtar sampla den saghas mháistirliosta/innéacs atá i gceist:

Máistirliosta d'uimhreacha Cáschomhaid Chosaint Leanáí	
Uimhir cháschomhaid	Mionsonraí an Linbh a ndearnadh an comhad ina leith
0001	Áine Nic Ádhaimh, 4 Príomhshráid, Baile an Chaisleáin
0002	Barra de Brún, 22 Radharc an Úlloird, Baile an Chaisleáin
0003	Cóilín Ó Coileáin, Árasán 4B, Árasáin Radharc an Droichid, Baile an Chaisleáin